AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0068/2017

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC I mBUNSCOILEANNA

Rochtain do mhúinteoirí ar théarma seasta/do mhúinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus do mhúinteoirí páirtaimseartha ar an bPainéal Forlíontach Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2018/19

Cuid 1

1. Réamhrá

Is é cuspóir na himlitreach seo ná na socruithe a leagan amach do rochtain ar na painéil fhorlíontacha ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2018/19 do bhunmhúinteoirí cláraithe incháilithe atá i bpoist ar théarma seasta/i bpoist shealadacha (lena n-áirítear poist ionaid) agus i bpoist pháirtaimseartha i mbunscoileanna aitheanta.

2. Struchtúr na bPainéal

(i) Cruthaítear gach príomhphainéal ath-imlonnaithe do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí ar chonradh tréimhse éiginnte (CID) le cois d'fhonn a chinntiú gur do na múinteoirí sin ar dtús a thairgfear buanfholúntais (agus folúntais ar théarma seasta nuair is gá).

(ii) Cruthaítear an Painéal Forlíontach do bhunmhúinteoirí incháilithe i bpoist ar théarma seasta/i bpoist shealadacha (lena n-áirítear poist ionaid) agus i bpoist pháirtaimseartha a chomhlíonann na critéir incháilitheachta ábhartha atá leagtha amach i gCuid 2 den imlitir seo.

(iii) Úsáidfear an Painéal Forlíontach, a bhunófar de réir na socruithe atá leagtha amach san imlitir seo, do cheapacháin chuig buanphoist teagaisc **lánaimseartha** i mbunscoileanna, ar an gcoinníoll nach mbeidh na poist sin de dhíth ar shlí eile chun ath-imlonnú buanmhúinteoirí agus

múinteoirí CID le cois a éascú. Tá na sonraí ábhartha leagtha amach mar Cheisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Roinne.

(iv) Ní úsáidtear an Painéal Forlíontach chun poist ar théarma seasta a líonadh i scoileanna.

3. An próiseas iarratais do rochtain ar phainéil

(i) Ní mór do mhúinteoirí incháilithe ar théarma seasta/do mhúinteoirí incháilithe sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus do mhúinteoirí incháilithe páirtaimseartha ar mian leo iarratas a chur isteach ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach an "Fhoirm iarratais ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach do mhúinteoirí incháilithe ar théarma seasta/do mhúinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus do bhunmhúinteoirí páirtaimseartha don scoilbhliain 2018/19" a chomhlánú.

(ii) Tabharfar deis do mhúinteoirí a chuirfear ar an bPríomhphainéal Ath-imlonnaithe agus an bPainéal Ath-imlonnaithe Forlíontach don scoilbhliain 2018/19

1. a chur in iúl (trí thicbhosca sa bhfoirm iarratais) cé acu, an bhfuil nó nach bhfuil suim ar leith acu ath-imlonnú a fháil chuig scoil atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge

agus

2. a chur in iúl (trí thicbhosca sa bhfoirm iarratais) cé acu, an bhfuil nó nach bhfuil suim ar leith acu ath-imlonnú a fháil chuig scoil speisialta atá ag feidhmiú faoi phátrúnacht d'oibreoir painéil (ní bhaineann an socrú le rang speisialta i ngnáthscoil).

(iii) Agus an fhoirm seo á comhlánú, iarrtar ar mhúinteoirí a dhearbhú go gcomhlíonann siad na ceanglais incháilitheachta ábhartha atá leagtha amach i gCuid 2 den imlitir seo. **Ní mór** foirmeacha iarratais ó mhúinteoirí a bheith comhlánaithe ina n-iomláine agus a bheith soléite.

(iv) Tabhair faoi deara go bhfuil incháilitheacht don Phainéal Forlíontach do 2018/19 teoranta do na múinteoirí sin a bhfuil gach ceann de na coinníollacha amuigh comhlíonta acu ina n-iomláine/a bhfuil gach ceann de na heasnaimh sásaithe acu ina n-iomláine maidir le clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta, i.e. múinteoirí a bhfuil promhadh iomlán acu, amhail an **8 Nollaig 2017.**

(v) Más rud é, le linn na bliana féilire 2017, gur oibrigh iarratasóir i scoileanna atá lonnaithe i níos mó ná limistéar painéil amháin (m.sh. scoileanna i ndá dheoise éagsúla), ní mór an t-iarratas ar a bheith curtha isteach ar phainéal a bheith ag baint leis an limistéar painéil inar cuireadh formhór na seirbhíse isteach sa bhliain féilire 2017 **nó** sa limistéar painéil ina bhfuil tú ag teagasc faoi láthair ar an gcoinníoll go bhfuil tú ar chonradh teagasc sa limistéar painéil sin ar an 8 Nollaig 2017 nó roimhe, gó deireadh na scoilbhliana 2017/18.

Chun críocha painéil, is ionann an scoil bhunáite agus an scoil atá lonnaithe sa limistéar painéil sin inar cuireadh formhór na seirbhíse teagaisc isteach sa bhliain féilire 2017 **nó** an scoil a bhfuil tú ar chonradh teagasc inti ar an 8 Nollaig 2017 nó roimhe, gó deireadh na scoilbhliana 2017/18.

Má d'oibrigh múinteoir i mbreis is aon limistéar painéil amháin ní féidir leis an múinteoir an limistéar painéil atá roghnaithe aige/aici a athrú tar éis dó/di an fhoirm iarratais a chur isteach.

(vi) Chun an próiseas iarratais a dhéanamh níos simplí bainfidh an Roinn úsáid as Párolla atá ann cheana agus as faisnéis eile lena mbaineann a choinnítear go lárnach sa Roinn chun coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil.

(vii) Ní mór do gach múinteoir a chuireann isteach ar rochtain ar phainéil ath-imlonnaithe seoladh ríomhphoist teagmhála a chur leis i bhformáid shoiléir soléite chun gur féidir na painéil a oibriú go héifeachtach. Bainfidh bunscoil úsáid as an seoladh ríomhphoist seo mar phríomhphointe teagmhála le múinteoir.

(viii) Ní mór na foirmeacha agus iad comhlánaithe a bheith faighte ag an Roinn **Dé hAoine 8 Nollaig 2017** nó roimhe, ag an seoladh seo a leanas:

An Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach measfar iarratais dhéanacha lena gcur ar na painéil sin i gcás ar bith. Ba cheart don mhúinteoir cruthúnas ar phostas a choinneáil.

(ix) Tá sé de rún ag an Roinn torthaí a n-iarratais a chur in iúl d'iarratasóirí faoin 30 Aibreán 2018 nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

4. Nósanna imeachta atá i bhfeidhm tar éis duine a chur ar an bpainéal

(i) Déanfar seiceálacha ag céim an cheapacháin i gcás na múinteoirí sin a bheidh á gceapadh chuig buanphoist ó na painéil. Dá bhrí sin, ba cheart do scoileanna agus do mhúinteoirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an ceapachán atá beartaithe a chur ó bhail mar thoradh ar an bpróiseas seiceála sin.

(ii) Ní mór do mhúinteoirí atá curtha ar an bPainéal Forlíontach agus a gheobhaidh post teagaisc don scoilbhliain 2018/19 i gcáil ar bith an oibreoir painéil a chur ar an eolas láithreach trí ríomhphost agus an Fhoirm do Nuashonrú Painéil Fhorlíontaigh a chomhlánú chun an Roinn a chur ar an eolas chun gur féidir a n-ainmneacha a bhaint ón bPainéal Forlíontach.

(iii) Ní mór do mhúinteoirí atá curtha ar an bPainéal Forlíontach agus a chinnfidh an painéal a fhágáil ar chúis ar bith, an méid sin a chur in iúl don oibreoir painéil chun go gcuirfear sin in iúl don Roinn láithreach. Ba cheart do mhúinteoirí a thabhairt faoi deara nach féidir iad a athchur ar an bPainéal Forlíontach ina dhiaidh sin.

5. Fógairt na himlitreach don fhoireann i do scoil

Déan aird na mball foirne ábhartha i do scoil a tharraingt ar a bhfuil san imlitir seo.

6. Athbhreithniú

Is ag deireadh na bliana 2018 a dhéanfar feidhmiú na socruithe seo a athbhreithniú in éineacht leis na páirtithe leasmhara ábhartha oideachais chun féachaint cén t-athrú, más ann dó, is gá a dhéanamh do scoilbhlianta ina dhiaidh sin.

7. Ceisteanna

Díríonn Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí na Roinne go príomha ar an bpróiseas leithdháileadh múinteoirí agus ar na príomhphainéil ath-imlonnaithe a ullmhú do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí CID.

Dá bhrí sin, is teoranta an cumas atá aici déileáil le ceisteanna ó dhaoine aonair i dtaca leis an imlitir seo.

Is trí ríomhphost amháin ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas a dhéileálfar le ceisteanna den sórt sin: supplementarypanel@education.gov.ie

Tabhair faoi deara nach gcuirfear síneadh leis an dáta deiridh, is é sin, Dé hAoine an 8 Nollaig 2017 i gcás ar bith.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí

Samhain 2017

Cuid 2

Critéir Incháilitheachta do rochtain ar an bPainéal Forlíontach

Ní mór do mhúinteoirí ar théarma seasta/do mhúinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus do mhúinteoirí páirtaimseartha ar mian leo iarratas a chur isteach ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach gach ceann de na critéir incháilitheachta atá liostaithe thíos a chomhlíonadh.

1. Clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta/Promhadh

Múinteoirí ar théarma seasta / múinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha atá:

- cláraithe go hiomlán (gan choinníollacha) leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Alt 31(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 - Rialachán 2 / Bunoideachas

nó

- i gcás múinteoirí ar théarma seasta / múinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha a cláraíodh go huathoibríoch sa bhliain 2006 agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Alt 31(2) agus 31(3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta mar Bhunmhúinteoirí agus atá láncháilithe tar éis gach easnamh, más ann dóibh, arna sainaithint ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a shásamh

Cleachtadh gairmiúil iar-cháilíochta/ Próiseas Traidisiúnta: Ní mór d'iarrthóirí a dtréimhse phromhaidh a chríochnú faoi **8ú Nollaig 2017.**

Ní mór d'iarratasóirí cóip dá sonraí clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta, ina léirítear dáta a bpromhaidh, a chur faoi iamh leis an bhfoirm iarratais ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach. Sa chás nach luaitear dáta an phromhaidh i sonraí na Comhairle Múinteoireachta, ní mór d'iarratasóirí cóip dá nDeimhniú Promhaidh a fuair siad ón gCigireacht a chur isteach.

2. Ceanglais Tuarastail

Tá dhá scála tuarastail ann faoinar féidir le múinteoir a bheith incháilithe, is é sin

1. Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil roimh an 1 Eanáir 2011

2. Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil tar éis an 1 Eanáir 2011

1. <u>Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil roimh an 1 Eanáir 2011, ní mór dóibh (i) thíos agus (ii) nó (iii) thíos a chomhlíonadh</u>

(i) ní mór €29,000 ar a laghad d'olltuarastal (lena n-áirítear liúntais) a bheith íoctha leo sa bhliain fhéilire 2017

agus

(ii) ní mór dóibh bheith, an 31 Nollaig 2017 nó roimhe sin, ar an 5ú pointe nó ar phointe níos airde ar scála tuarastail ábhartha na múinteoirí (nó ar an 6ú pointe nó ar phointe níos airde i gcás múinteoirí a thosaigh ar an 3ú pointe ar an scála tuarastail)

nó

(iii) ní mór dóibh bheith, an 31 Nollaig 2017 nó roimhe sin, ar an 4ú pointe ar scála tuarastail ábhartha na múinteoirí (nó ar an 5ú pointe i gcás múinteoirí a thosaigh ar an 3ú pointe ar an scála tuarastail) agus ní mór dóibh freisin bheith, **<u>ar an 8 Nollaig 2017 nó roimhe</u>**, ar chonradh chun teagasc **ar feadh na coda eile den scoilbhliain 2017/18.**

2. <u>Ní mór do mhúinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil tar éis an 1 Eanáir 2011 acu (i) thíos agus (ii) nó (iii) thíos a chomhlíonadh</u>

(i) €26,100 ar a laghad d'olltuarastal (lena n-áirítear liúntais, más ann dóibh) a bheith íoctha leo sa bhliain fhéilire 2017

agus

(ii) ní mór dóibh bheith, an 31 Nollaig 2017 nó roimhe sin, ar an 4ú pointe nó ar phointe níos airde ar scála tuarastail ábhartha na múinteoirí

nó

(iii) ní mór dóibh bheith, an 31 Nollaig 2016 nó roimhe sin, ar an 3ú pointe ar scála tuarastail ábhartha na múinteoirí agus ní mór dóibh freisin bheith, **<u>an 8 Nollaig 2017 nó roimhe</u>**, ar chonradh chun teagasc **ar feadh na coda eile den scoilbhliain 2017/18**

Mar achoimre, ní mór do gach iarratasóir na critéir thuarastail atá liostaithe thíos a chomhlíonadh an 31 Nollaig 2017 nó roimhe sin:

Dáta do chéad cheapacháin	SCÁLAPHOINTE TOSAIGH	An scálaphointe íosta ar gá a bheith air roimh an 31/12/2017 gan ghá le conradh	Má tá tú ar na scálaphointí thíos amhail an 31/12/2017, ní mór conradh a bheith agat a rithfidh ón 8 Nollaig 2017 go deireadh na scoilbhliana 2017/18 ar a laghad	Olltuarastal Íosta (lena n-áirítear liúntais) a tuilleadh sa bhliain féilire 2017
Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc acu roimh an 1 Eanáir 2011	2	5	4	€29,000
	3	6	5	€29,000
Múinteoirí a raibh a gcéad cheapachán teagaisc acu tar éis an 1 Eanáir 2011	1	4	3	€26,100

3. Comhaontú Bhóthar Haddington

Tabhair faoi deara go measfar múinteoir a bheith incháilithe do rochtain ar an bPainéal Forlíontach sa chás go bhfuil an reo incrimint(í) trí mhí atá i bhfeidhm faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington ar an aon chúis amháin nach gcomhlíonann sé/sí na critéir scálaphointe.

4. Seirbhís nach bhfuil ináirithe do Phainéil Fhorlíontacha

Ní mór d'iarratasóirí a dhearbhú ar an bhfoirm iarratais cé acu a bhí nó nach raibh tionchar ag buanseirbhís agus/nó ag creidmheas incriminteach, mar atá leagtha amach sa tábla thíos, ar a scálaphointe tuarastail reatha.

Seirbhís ináirithe is incheadaithe chun rochtain a fháil ar an bPainéal Forlíontach is ea seirbhís mar mhúinteoir láncháilithe i bpost a n-íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna as, **ach amháin** i gcás na gcineálacha seirbhíse atá leagtha amach sa tábla thíos:

Buanseirbhís roimhe *
Seirbhís roimhe mar mhúinteoir iar-bhunscoile
Creidmheas incriminteach
Seirbhís neamhcháilithe

* Ní chuirtear ach seirbhís ináirithe ó dháta deireanach seirbhíse i mbuanphost san áireamh ar mhaithe leis na critéir incháilitheachta do rochtain ar an bPainéal Forlíontach a chomhlíonadh. Le go measfar go gcomhlíonfaidh tú an critéar maidir le hincháilitheacht de réir scálaphointe, ní mór trí incrimint a bheith tuillte agat ón dáta ar éirigh tú as an mbuanphost. Nó, ina mhalairt de chás, ní mór dhá incrimint a bheith tuillte agat ó dháta deireanach do bhuanphoist agus, má tá tú ag obair le trí bliana aníos faoin am seo (ó d'éirigh tú as an mbuanphost), ní mór duit bheith ar chonradh chun teagasc go deireadh na scoilbhliana 2017/18.

5. Múinteoirí páirtaimseartha

Múinteoirí páirtaimseartha ar mian leo go measfar iad do rochtain ar an bpainéal, ní mór dóibh na critéir chéanna incháilitheachta mar atá leagtha amach thuas i bPointe 2 thuas a chomhlíonadh. I gcás múinteoirí páirtaimseartha den sórt sin, áfach, déanfar an tairseach tuarastail don bhliain 2017 (€29,000 nó €26,100, de réir mar is cuí) a choigeartú ar bhonn pro rata. Is í an Roinn a dhéanfaidh amhlaidh ar bhonn cás ar chás maidir le gach iarratas a fhaightear ó mhúinteoirí páirtaimseartha a chomhlíonann na riachtanais incháilitheachta ar gach slí eile.

6. Múinteoirí a thóg saoire mháithreachais/uchtála sa bhliain 2017

Déanfar na tairseacha tuarastail a choigeartú maidir le múinteoirí ionaid a bhí ar shaoire mháithreachais/uchtála le linn na bliana 2017.

7. Scálaphointí Tuarastail

Ba cheart gurbh eol do mhúinteoirí a scálaphointe tuarastail incrimintigh nó ba cheart dóibh a bheith in ann é a ríomh agus duillín pá reatha á úsáid. Tá na scálaphointí tuarastail incrimintigh do bhunmhúinteoirí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne
http://www.education.ie/en/Education-Staff/Information/Payroll-Financial- Information/Salary-Scales/